

Machnaimh agus Moltaí ar an mBille Féiniúlachta agus Teanga

(Tuaisceart Éireann) 2022

Clár Ábhar

Réamhrá

- (a) Reachtaíocht Cearta Teanga nó Beartas Teanga?
- (b) Athruithe Bunúsacha atá Beartaithe ag an mBille 2022

1. Neamhspleáchas agus Forfheidhmiú Rialála

2. Débhríocht Théacsúil

3. Athmhuintearas agus Féiniúlacht

4. Moltaí do Dhea-Chleachtas

- (a) Deighilt Struchtúrach na gCaighdeán
- (b) Tairiscint Ghníomhach agus Soláthar Faisnéise
- (c) Bearta Ionchasacha
- (d) Dualgais Choibhéiseacha
- (e) Caitheamh go Cothrom
- (f) Acmhainn an Phobail a Fhorbairt atá Gníomhach

Conclúid

Réamhrá

Tugadh isteach an Bille Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) i dTeach na dTiarnaí ar an 25 Bealtaine 2022. Tá ábhair an Bhille bunaithe go príomha ar dhréacht-reachtaíocht a foilsíodh taobh leis an gComhaontú Deich mBliana Nua, Cur Chuige Nua (NDNA) 2020¹ agus a bhí le tabhairt isteach faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann sa bhliain 2020 mar chuid de ‘bheart comhtháite reachtaíochta.’

I ndeireadh na dála, níor tugadh isteach ábhair an bhirt seo (a raibh trí Bhille agus go háirithe Acht na Gaeilge ann) agus, i mí Meithimh 2021, thug rialtas na RA gealltanais mura dtugtar an reachtaíocht Gaeilge isteach, a bhí geallta faoin NDNA, faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann faoi Mheán Fómhair 2021, go dtabharfadh an reachtaíocht isteach in Westminster faoi Dheireadh Fómhair na bliana sin.² Tar éis teipe ar an spriocdháta sin a leag siad orthu féin a bhaint amach, agus faoi bhrú coitianta ón bpobal agus grúpaí sainleasa, d'athdhearbhaigh Rialtas na RA a ghealltanais reachtaíocht Gaeilge a thabhairt isteach sa Pharlaimint sa bhliain 2022, ach dhiúltaigh sé amchlár a leagtha amach chun é sin a dhéanamh. Nuair a tharla sáinn mar thoradh ar thoghcháin Thionól Thuaisceart Éireann i mí na Bealtaine 2022, mar choisc an Páirtí Aontachtach Daonlathach ceapachán Cheann Comhairle agus Céad-Aire, agus os comhair reachtais agus Coiste Feidhmiúcháin nach raibh in ann feidhmiú, tugadh isteach an Bille Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart

¹Rithfidh an Bille ‘siar’, ag tosú i dTeach na dTiarnaí agus ag bogadh ansin chuig Teach na dTeachtaí. Tá dáta an Dara Léamh (díospóireacht ghinearálta) ar an mbille sna Tiarnaí socraithe don 7 Meitheamh 2022. Tiocfaidh céimeanna breise, a d’fhéadfadh leasuithe a chur síos i gceachtar de na tithe, ina dhiaidh.

²De bhun Chomhaontú Aoine an Chéasta (GFA as seo amach), tá an chumhacht fós ag Parlaimint na RA (agus ceanglaítear uirthi) reachtaíocht a rith i limistéir atá cineachta do Thionól Thuaisceart Éireann, áiteanna ina bhfuil idirghabháil den sórt sin de dhíth chun oibleagáidí atá bunaithe ar chonradh a chomhlíonadh. Sa chás seo, na hoibleagáidí a chuirtear i bhfeidhm ag an gCairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha agus Mionlaigh. Sa bhliain 2021, mhol an Coiste Saineolaithe (COMEX) ar an gCairt glacadh “*dlí cuimsitheach agus straitéis ar chur chun cinn Gaeilge i dTuaisceart Éireann*” mar mholadh le haghaidh gnímh láithreach

Éireann) faoi dheireadh faoi bhráid Theach na dTiarnaí níos déanaí sa mhí chéanna.

Tá an príomhábhar mar an gcéanna i mBille 2022 chomh maith le cuspóirí leathana na trí cháipéis reachtaíochta ar leith a bhí beartaithe ar dtús faoin NDNA, is é sin soláthar do chearta na Gaeilge, cruthú Choimisinéir Ultaise/Ulaidh na Breataine agus bunú na hOifige um Léiriú Féiniúlachta agus Cultúrtha. Bhí freagairtí ar Bhille 2022 dearfach den chuid is mó ón taobh seo de agus cuireadh fáilte roimhe mar fhorbairt atá thar am maidir le cearta teanga - agus go háirithe cearta na Gaeilge. Cé nach bhfuil sé seo mícheart - cuireann Bille 2022 céim suntasach chun cinn in iúl maidir le tírdhreach dlíthiúil agus beartais atá ann faoi láthair ó thaobh mionteangacha de - tá inní fós ann maidir le roinnt gné den Bhille. Tugann an tuarascáil seo a leanas achoimre ar roinnt inní lárnach a luaigh téacs an Bhille (mar a thugtar isteach) agus a d'aithin na rannpháirtithe sa cheardlann deiridh den tionscadal maoinithe ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn New Foundations, 'Supporting Irish Language Use on a Cross-Community Basis - Recommendations and Insights' i mí Meithimh 2022, lena n-áirítear inní a luaigh an comhpháirtí pobail sa tionscadal, Turas.

(a) Reachtaíocht Cearta Teanga nó Beartas Teanga?

Dhírigh formhór na gníomhaíochta pobail agus sochaí sibhialta le haghaidh cearta teanga i dTuaisceart Éireann a shroich pointe déine áirithe le deich mbliana anuas ag aitheantas agus cearta a fháil do chainteoirí mionteangacha (go háirithe an Ghaeilge) mar chuid de shamhail atá cosúil leo siúd atá i bhfeidhm i ndlínsí eile sa Ríocht Aontaithe agus ar oileán na hÉireann.³ Cinnte, breathnaíodh ar chodanna

³Acht na Breatnaise 1993, agus an Beart um Bhreatnais (An Bhreatain Bheag) ina dhiaidh sin sa bhliain 2011, chomh maith le Achd na Gàidhlig (Alba) 2005 de chuid na hAlban agus Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 de chuid Phoblacht na hÉireann arna leasú sa bhliain 2021.

na reachtaíochta seo - go háirithe iad sin sa Bhreatain Bheag agus san Alban - mar ionadaíocht d'íos-riachtanais ábhair ag an gCoiste Saineolaithe (COMEX) de chuid na Cairte Eorpach um Theangacha Réigiúnacha agus Mionlaigh (ECRML). Thug an Coiste faoi deara go poiblí chun go gcomhlíonann an RA a oibleagáidí faoin ECRML i leith na Gaeilge i dTuaisceart Éireann, bheadh foráil reachtúil cuimsitheach le haghaidh ateangaireacht i seomra na cúirte, oideachas agus cumarsáid idir saoránaigh agus comhlachtaí poiblí de dhíth. Gan amhras, ina thuarascáil ar chomhlíonadh na Ríochta Aontaithe leis an ERCML, thug COMEX faoi deara, fiú i gcásanna na Breataine Bige agus na hAlban a dhéanann foráil fairsing le haghaidh úsáid mionteangacha i gcaidrimh idir saoránaigh agus an Stát, agus i suíomhanna institiúideacha, bhí easnaimh fós ann.⁴

Ní chomhlíonann an Bille 2022 na tairseacha a bhí COMEX ag súil leo ná iad sin a cuireadh i bhfeidhm ag reachtaíocht na teangacha mionlaigh sa Bhreatain Bheag agus san Alban. Gan amhras, an rud atá suntasach nuair a bhreathnaítear ar an mBille 2022 tríd is tríd ná go bhfuil sé níos cosúla le beartas teanga seachas píosa de reachtaíocht cearta teanga - is beag na cearta ar leith a thugtar do chainteoirí mionteangacha agus ag glacadh le gníomh lánroghnach agus caighdeáin atá sainmhínithe go débhríoch atá mar chomhartha sóirt ag cur chuige rialála nach bhfuil ró-dhian.

(b) Athruithe Bunúsacha atá Beartaithe ag an mBille 2022

Tá sé i gceist ag an mBille 2022 aitheantas oifigiúil a fháil don Ghaeilge trí cheapachán Choimisinéir Teanga, ag ullmhú d'fhorbairt dea-chleachtas a bhaineann le húsáid na Gaeilge ag údaráis phoiblí (déanfaidh an

⁴ COMEX 'Fifth report of the Committee of Exports in Respect of the United Kingdom' 1380^ú cruinniú *1 Iúil 2020).

Coimisinéir maoirseacht ar an gcomhlíonadh sin) agus trí riachtanas ar údaráis phoiblí ‘aird chuí’ a thabhairt ar chaighdeán den sórt sin. Pléitear gnéithe seo an Bhille go mion thíos, mar atá easnaimh na bhforálacha áirithe a bhfuil rún acu éifeacht a thabhairt do na hathruithe beartaithe.

Is é an t-athrú is bunúsaí a bheidh mar thoradh ar an mBille 2022 má achtaítear é ná caitheamh institiúideach na Gaeilge. Aithníonn Cuid 7B den Bhille 2022 an Ghaeilge go hoifigiúil, i s.78I. Ní dhéanann an Bille an Ghaeilge ina teanga oifigiúil, áfach. Tá trí fhoirm leathana ag na samhlacha i ndlínsí eile sa Ríocht Aontaithe agus ar oileán na hÉireann le haghaidh aitheantas oifigiúil mionteangacha agus tá tairseacha dlíthiúla éagsúla ann le haghaidh cosaint na teanga atá i gceist. Tá an chéad ceann bunaithe ar Phoblacht na hÉireann, atá ina bhfuil an Ghaeilge aitheanta *de jure* sa bhunreacht mar an gcéad teanga agus teanga oifigiúil an Stáit, trí reachtaíocht a fhaightear cosaint, agus ag fanacht mar mhionteanga *de facto*.⁵ D’fhéadfadh a rá go bhfuil Poblacht na hÉireann ina dlínse ‘is láidre’ mar sin ó thaobh téarmaí cosaintí *de jure* de - ag cur aitheantas bunreachtúil ar fáil chomh maith le cosaint reachtaíochta.

Is éard atá i gceist leis an dara samhail, a glacadh sa Bhreatain Bheag, ná cosaint cearta mionteangacha trí phríomh-reachtaíocht a fhorálann go bhfuil an Bhreatnais aitheanta mar theanga oifigiúil a bhfuil an comhstádas céanna aici leis an mBéarla. Go suntasach, aithníonn an reachtaíocht ceart na gcainteoirí Breatnaise a saolta a mhaireachtáil trí mheán na Breatnaise agus go bhfreastalaítear ar an aidhm sin.⁶ Agus bunús bunreachtúil in easnamh ag an samhail Breatnaise mar atá i bPoblacht na hÉireann oibríocht *de facto* na reachtaíochta i bhfeidhm, agus ciallaíonn cineál láidir na gcaighdeán *de jure* a chuireann an reachtaíocht i bhfeidhm go bhfuil an samhail seo, d’fhéadfaí a rá, an ceann is éifeachtaí ó thaobh cosaint mionteanga go praiticiúil de.

⁵Nuair atá cosaint oifigiúil ag an teanga trí reachtaíocht agus tá sé aitheanta mar chéad teanga oifigiúil an náisiúin faoin mbunreacht

⁶Beart um Bhreatnais (an Bhreatain Bheag) 2011, Cuid 1.

Tugtar stádas oifigiúil ar an Gàidhlig, san Alban chomh maith agus an meas céanna faoi Achd na Gàidhlig (Alba) 2005. Cuireann an reachtaíocht córas i bhfeidhm sa dlínse sin, áfach, atá bunaithe ar phleananna teanga tréimhsiúla a chuireann aidhmeanna leathana ar fáil ó thaobh cur chun cinn na Gaeilge de. Baineadh feidhm as samhlacha den chineál céanna bunaithe timpeall ar bhoird teanga agus pleananna teanga tréimhse sa Bhreatain Bheag agus i bPoblacht na hÉireann, ach fuarthas go raibh siad neamhéifeachtach.⁷ Ón taobh seo de, déanann samhail na hAlban ionadaíocht do na modhanna is laige ó thaobh cosaint cearta mionteangacha de sna téarmaí *de jure* agus *de facto*.

Níl Tuaisceart Éireann in áit, mar thoradh ar chúiseanna a bhaineann leis an polaitiúil agus an ceannas, chun samhail a ghlacadh atá mar bhonn faoi dheimhniú bunreachtúil mar atá le cás Phoblacht na hÉireann. Tugann téacs an Bhille 2022, mura bhfuil an neamhfhéidearthacht, dodhéantacht pholaitiúil samhail a ardaíonn an Ghaeilge chuig stádas oifigiúil atá ar chomhchéim leis an mBéarla i gcásanna nuair a dhéantar an teanga a pholaitiú agus a chomhaireann le mionteanga eile na dlínse, an Ultais. Faoi mar atá cúrsaí, tugann an Bille 2022 aitheantas foirmeálta agus 'oifigiúil' don Ghaeilge agus á thabhairt faoi deara 'nach imríonn aon rud sa chuid seo tionchar ar stádas an Bhéarla' agus ag fanacht ciúin maidir le staideanna coibhneasta na Gaeilge agus an Bhéarla laistigh den ordú nua seo - is é an tuairim ná go leanann an Ghaeilge le, agus í mar theanga oifigiúil, staid tánaisteach a ghlacadh agus ní cheart go bhfreastalaítear uirthi sa mhéid, mar shampla, go bhfuil an Bhreatnais faoin reachtaíocht sa dlínse sin.⁸

Is fiú a thabhairt faoi deara, ag an bpointe seo, mar ábhar a dhéantar tagairt dó ag rannpháirtithe sa cheardlann agus an comhpháirtí pobail,

⁷Féach, an Bille Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022, Cuid 7C s.4.

⁸Ibid, s.78I(3).

nach bhfuil reachtaíocht na mionteanga i dTuaisceart Éireann, agus ar roinnt bealaí ní féidir faoi láthair, díriú ar shamhail reachtaíochta ‘láidir’ mar atá ann sa Bhreatain Bheag. Tá dhá bhunchúis leis seo. Is é an chéad chúis nach ionann leibhéal na tacaíochta polaitiúil agus coitianta don Ghaeilge i dTuaisceart Éireann agus an tacaíocht a fhaigheann an Bhreatnais sa Bhreatain Bheag. Is é an dara cúis, maidir le hathmhuintearas a chur chun cinn agus troid i gcoinne an tseicteachais, is mó seans go mbeidh frithbheartaíocht na teanga mar thoradh ar shamhail a úsáideann samhlacha forfheidhmithe láidre seachas an mionteanga a ghlacadh.

Beidh athrú tábhachtach eile ag an mBille 2022 agus beidh tionchar aige seo ar aisghairm Acht (Éire) Riar na Córa (Teanga) 1737 a choisceann úsáid na Gaeilge i gcáipéisí cúirte agus imeachtaí dlí faoi láthair. Mar atá leis an stádas a tugadh don Ghaeilge faoin mBille 2022, áfach, seans go ngeallann an aisghairm níos mó ná a sholáthraíonn sí. Ní athchruthaíonn an Bille 2022 an teanga atá curtha san áireamh sa dréacht-reachtaíocht a bhaineann leis an NDNA, a mhol go mbeadh teangacha, seachas an Béarla, ceadaithe in imeachtaí dlí nuair a bhí ‘gá leis ar mhaithe leis an gcóras dlí.’⁹ Is dea-fhorbairt í seo, ach ní theastaíonn aon ghníomh dearfach nó comhréitigh ag téacs an Bhille ar thaobh an Stáit atá sonrach i dtaobh imeachtaí dlí m.sh. forálacha le léiriú sa chúirt, nó foráil na reachtanna nó cáipéisí eile sa Ghaeilge.¹⁰ Agus Acht 1737 aisghairthe - agus an Ghaeilge ceadaithe go teoiriciúil i suíomhanna breithiúnacha, níl aon léiriú ar a mhéid, más ann dó, go n-éascófar úsáid na Gaeilge anois nach bhfuil sí coiscthe a thuilleadh.

⁹ go háirithe s.78E(2)

¹⁰ Is in ainneoin na hoibleagáidí é seo a chuirtear i bhfeidhm ar rialtas na Ríochta Aontaithe faoi Airteagal 9(3) na Cairte Eorpach um Theangacha Réigiúnacha agus Mionlaigh a theastaíonn na téacsanna reachtúla náisiúnta is tábhachtaí agus iad sin a bhaineann go háirithe le húsáideoirí na dteangacha seo, mura soláthraítear a mhalairt iad.

An dá athrú is bunúsaí sin, a tharla de bharr an Bhille - aitheantas na Gaeilge mar theanga an Stáit, agus aisghairm na dtoirmeasc ar a húsáid i suíomhanna dlíthiúla - cuireann siad dhá théama in iúl a atarlaíonn le linn an téacs beartaithe, is é sin aisghairm aisfhillteach i leith débhríochta tairbheach, agus iarracht arís agus arís eile an riachtanas aitheantas polaitiúil a fháil ar an nGaeilge a réiteach leis an riachtanas an teanga agus a húsáideoirí a 'dhípholaitiú'.

Agus na téamaí seo á scrúdú, leagann an tuarascáil seo amach trí réimse leathan inní a saináithníodh ag rannpháirtithe. Baineann an tuarascáil seo a leanas go príomha le a.7B de Bhille 2022 a dhéileálann le haitheantas institiúideach agus tacaíocht na Gaeilge i dTuaisceart Éireann agus tá sé bunaithe ar chainteanna théacs an Bhille a tugadh isteach faoi bhráid Theach na dTiarnaí roimh dhíospóireacht nó leasú.

Is iad na trí bhunréimse inní leis na struchtúir rialála agus na cosaintí dlíthiúla a foráiltear faoi scéim bheartaithe an Bhille ná,

- (i) Struchtúr agus neamhspleáchas rialála an Choimisinéara Teanga agus cumas an Choimisinéara na caighdeáin a chur i bhfeidhm a bunaíodh faoin mBille.
- (ii) Débhríocht théacsúil agus deacrachtaí a bhaineann leis, agus
- (iii) Imní a tháinig dá bharr maidir le cumas an Bhille chun athmhuintearas a neartú.

Déantar scrúdú ar na hábhair inní seo trí thagairt a dhéanamh do thaithí na rannpháirtithe, agus caighdeáin dea-chleachtas a aithníodh i bPoblacht na hÉireann, san Alban agus sa Bhreatain Bheag, chomh maith le taighde reatha ar thábhacht na saincheisteanna a aithníodh maidir le samhlacha cosaintí agus forfheidhmithe cearta teanga inbhuanaithe agus éifeachtacha a ghiniúint.

1

**Neamhspleáchas
agus
Forfheidhmiú
Rialála**

1. Néamhspléachas agus Forfheidhmiú Rialála

Is é an príomh-mhodh trína mbeartaíonn an Bille 2022 éifeacht a thabhairt d'aitheantas na Gaeilge atá nua-bhronnta ná trí bhunú Choimisinéir Teanga (an Coimisinéir). Forálann Alt 78J(1) go gceapfar Coimisinéir Teanga ag an gCéad-Aire agus an LeasChéad-Aire, a bheidh in oifig ar feadh dhá théarma cúig bliana i ndiaidh a chéile ar a mhéad (Féach sceideal 9B).¹¹ Faoin reachtaíocht, déanfaidh an Coimisinéir maoirseacht ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm 'dea-chleachtas' maidir le húsáid na Gaeilge ag údaráis phoiblí. Lasmuigh de sin, tá feidhmeanna an Choimisinéara atá leagtha amach in a.78K beagáinín níos doiléire, mar gheall go dtagraíonn an t-alt féin do 'aidhmeanna,'¹² dualgais,¹³ agus feidhmeanna lánroghnacha.

Faoi a.78K, tá sé mar aidhm ag an gCoimisinéir úsáid na Gaeilge a fheabhsú agus a chosaint ag údaráis phoiblí agus iad ag soláthar seirbhísí leis an bpobal nó cuid den phobal. Agus é sin a dhéanamh, tugann an t-alt faoi deara go gcaithfear an Coimisinéir,

- (a) ullmhú agus caighdeáin phoiblí dea-chleachtais,
- (b) monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus é a chur chun cinn leis na caighdeáin sin, agus
- (c) gearáin a fhiosrú

Is cosúil go léiríonn sé sin dualgais an Choimisinéara i seirbhís na haidhme a dhéantar cur síos air. Lasmuigh de sin, cuireann a.78K(3) ar chumas an Choimisinéara comhairle, tacaíocht agus treoir a chur ar fáil d'údaráis phoiblí ar úsáid na Gaeilge agus na caighdeáin dea-chleachtais. Is léir gur feidhm an Choimisinéara é seo, cé go bhfágann cineál frámaithe

¹¹ Sceideal 9B, s.2(2).

¹² Féach a.78K(1).

¹³ Féach a.78K(2).

lánroghnacha an cheist oscailte cé acu an bhfuil sé faoi chúram an Choimisinéara comhairle a thabhairt d'údaráis go gníomhach nó an dtabharfaidh an sórt comhairle sin ach amháin nuair a lorgaítear iad.

Is í príomhfheidhm an Choimisinéara mar sin ullmhúchán agus maoirseacht ar chur i bhfeidhm na gcaighdeán dea-chleachtas dá dtagraítear in a.78L(2)(a). Ní mór na caighdeáin seo a ullmhú ag an gCoimisinéir agus aird chuí a bheith aige d'aon treoir a eisíodh ag an gCéad-Aire agus an LeasChéad-Aire, chomh maith le húdaráis phoiblí eile den sórt sin a mheasann an Coimisinéir a bheith cuí.¹⁴ Ní mór na caighdeáin a chur i scríbhinn ansin,¹⁵ agus iad a chur isteach chuig an gCéad-Aire agus an LeasChéad-Aire, a d'fhéadfadh, ach ní gá dóibh, iad a fhaomhadh.¹⁶ Go suntasach, d'fhéadfadh na caighdeáin soláthar éagsúil a dhéanamh le haghaidh údaráis phoiblí éagsúla,¹⁷ agus ní mór athbhreithniú a dhéanamh orthu gach cúig bliana.¹⁸ Féadfar dul siar ar na caighdeáin tar éis an athbhreithnithe seo nó ag aon am eile a mheasann an Coimisinéir go bhfuil sé riachtanach nó inmhianaithe.¹⁹

Oibríonn na caighdeáin seo mar mheicníocht lárnach a tugadh isteach ag an téacs beartaithe a d'éascódh cainteoirí Gaeilge agus iad ag déanamh caidrimh leis an Stát. Ríthábhachtach, áfach, ní fhorálann an Bille ceart caidreamh a dhéanamh leis an Stát nó a ghníomhairí trí mheán na Gaeilge²⁰ nó caighdeán comhionann le haghaidh úsáid na Gaeilge ag údaráis phoiblí. Cé go soláthraítear na dea-chleachtais le haghaidh tairiscint gníomhach, thug rannpháirtithe samhail faoi deara go mbíonn caighdeáin leathana comhionanna nach mbíonn mórán éifeacht ar athrú i

¹⁴ Féach, a.78L(4).

¹⁵ A.78L(1).

¹⁶ A.78L(2).

¹⁷ A.78L(5)(a).

¹⁸ A.78M(1).

¹⁹ A.78(2).

²⁰ Mar atá foráilte faoin ECRML chomh maith le faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 de chuid Phoblacht na hÉireann agus Beart na mBreatnaise (An Bhreatain Bheag) 2011.

ndáiríre acu mar thoradh ar chumhachtaí reachtaíochta leathana den sórt sin. Is riosca áirithe é seo i gcúinsí, nuair atá sé leagtha ar an gCéad-Aire agus an LeasChéad-Aire na gnóthaí a chinneadh a cheanglaítear ar an gCoimisinéir aird chuí a bheith aige ina dtaobh.

Ceanglaíonn téacs an Bhille go mbeidh ‘aird chuí’ ag údaráis phoiblí amháin i dtaobh aon chaighdeán dea-chleachtais a foilsíodh ag an gCoimisinéir²¹ agus chun plean a ullmhú²² agus a fhoilsiú a leagann amach na céimeanna atá i gceist aige a thógáil chun na caighdeáin sin a chomhlíonadh.²³ Éilíonn an ceanglas aird chuí a thabhairt i ndlí RA go smaoiníonn údaráis phoiblí ar ábhair sonracha, a fhoráiltear go ginearálta i reachtaíocht nó i mbeartas. Mar sin, ní dualgas é toradh ar leith a bhaint amach, ach chun machnamh a dhéanamh air agus tuiscint ar na gnóthaí cuí a chur san áireamh sa chinneadh deiridh i mbunábhar an chinnidh agus réasúnaíocht an údaráis. Níl aon léiriú ar mheicníochtaí praiticiúla trína ndéanfar aird chuí a thomhas faoin mBille i.e. trí úsáid a bhaint as anailís beartais nó measúnachtaí tionchair. Thug rannpháirtithe sa líonra taighde a bunaíodh faoi deara gur cúiseanna imní iad an easpa comhartha faoin gcaoi a thomhaisfí aird chuí, chomh maith leis an teip seirbhísí láraithe an Stáit a reáchtáiltear ag Westminster (ar nós suíomhanna gréasáin .gov.uk) le teacht faoi liosta na n-údarás áitiúil a chlúdaíonn an Bille.

Nuair a theipeann ar údarás poiblí a oibleagáidí a chomhlíonadh faoin mBille 2022, tá cumhacht ag an gCoimisinéir gearáin a rinneadh leis a fháil agus a mheas faoi a.78O. Chun gearán a dhéanamh, ní mór go raibh tionchar díreach ag an teip ar an duine aonair,²⁴ ní mór don ghearán a dhéanamh i scríbhinn laistigh de thrí mhí ón lá a raibh eolas ag an duine

²¹ S.78N(1).

²² A.78N(4) ní mór don údarás dul i gcomhairle leis an gCoimisinéir agus plean den sórt sin á chur le chéile.

²³ A.78N(2) agus féadfar dul siar ar an bplean agus é a athfhoilsiú nuair a mheasann sé go bhfuil sé riachtanach agus inmhianaithe as a stuaim féin nó de réir na gcaighdeán nua nó athbhreithnithe a eisíodh ag an gCoimisinéir a.78N(3).

²⁴ A.78O(1)(a).

aonair faoi na gnóthaí a luadh,²⁵ agus ní mór don údarás poiblí a bheith curtha ar an eolas faoin ngearán agus deis réasúnach curtha ar fáil dóibh chun ábhair an ghearáin a mheas agus freagra a thabhairt ina thaobh.²⁶ Nuair a fhaigheann an Coimisinéir gearán bailí, ní mór dó imscrúdú a dhéanamh air, nó ráiteas scríofa a chur ar fáil don ghearánach a luann cúiseanna an Choimisinéara faoin gcúis nach ndearna sé imscrúdú.²⁷

Nuair a thugann an Coimisinéir faoi imscrúdú ar ghearán, ní mór dó an pobal a chur ar an eolas faoin ngearán i scríbhinn, deis réasúnach a chur ar fáil don údarás trácht a dhéanamh ar chúrsaí a lua, agus tuarascáil a thabhairt don dá pháirtí a leagann amach torthaí an Choimisinéara.²⁸

Tháinig dhá shaincheist chun cinn le linn cainteanna faoi mheicníocht na ngearán. Ba é an chéad rud ná easpa soiléireachta maidir le teip ó thaobh an údaráis phoiblí mar gheall ar: theip plean a dhéanamh a bhfuil aird chuí aige ar na caighdeáin a eisíodh ag an gCoimisinéir nó teip riachtanais an phlean oibríochta bunaithe ar dhea-chleachtais a dhréachtaigh an t-údarás dó féin a chomhlíonadh. Má tá an chéad cheann fíor, tá tairseach na hairde cuí, mar a tugadh faoi deara, débhríoch go leor ionas go mbeidh meicníocht na ngearán neamhéifeachtach. Má tá an dara ceann fíor, is é an riosca ná go ndrúchtóidh na pleananna ar bhealach a thagann faoi ghealltanais, nó a íoslaghdaíonn, na riachtanais a cuireadh ar an údarás poiblí - go háirithe i gcásanna ina leagann sé na riachtanais sin air féin.

Tá an fhéidearthacht go mbeidh meicníocht na ngearán neamhéifeachtach níos ginearálta suntasach i bhfianaise go bhfuil na pionóis a chuirtear i bhfeidhm faoin mBille nuair a theipeann ar údarás poiblí a oibleagáidí a chomhlíonadh fíorbheag. Nuair a fhaigheann an Coimisinéir gur theip ar údarás áitiúil a oibleagáidí a chomhlíonadh faoin reachtaíocht, féadfaidh sé moltaí a eisiúint faoin gcaoi an teip (agus teipeanna amach anseo) a

²⁵ A.780(1)(b).

²⁶ A.780(1)(c).

²⁷ A.780(2).

²⁸ A.780(3).

réiteach agus ní mór dó tuarascáil a thorthaí a chur faoi bhráid an Tionóil.²⁹ Neamhchosúil le dlínsí eile, áfach, ní leagtar amach nó ní theastaíonn aon phionós airgeadais, monatóireacht nó athbhreithniú breise ar chomhlíonadh moltaí ag téacs reatha an Bhille. Cé go bhfuil an chuma air ar dtús gur fabht atá ann, aithníodh ag na rannpháirtithe é mar admháil chuí i gcúinsí go bhféadfadh le samhlacha forfheidhmithe ‘crua’ nó pionósacha frithbheartaíocht a spreagadh. In aghaidh é sin, áfach, thug rannpháirtithe faoi deara, nuair nach raibh forfheidhmiú ar bith i láthair, maidir le pobail nó comhlachtaí reatha a thacaíonn le húsáid na Gaeilge cheana féin, chomh maith leo siúd in éadan a húsáid, lean siad le patrúin reatha de dheighiltí teanga ‘seicteacha’ a bhuanú.

Feictear an polaitiú in ailt seo de Bhille 2022 chomh maith a luadh sa réamhrá. Go háirithe, áirítear leis na forálacha atá ag déileáil leis an nGaeilge forálacha ina gcaithfear na caighdeáin dea-chleachtais a forbraíodh ag an gCoimisinéir a fhaomhadh ag an gCéad-Aire agus an LeasChéad-Aire. Bagraíonn sé seo cás a chur ar fáil ina gcomhaontaíonn íos-chaighdeáin nó caighdeáin i gcontúirt agus laghdaíonn sé éifeachtúlacht na reachtaíochta mar thoradh. Déanann an faomhadh polaitíochta seo dochar do neamhspleáchas an Choimisinéara féin.

Faoin mBille 2022, ceaptar an Coimisinéir ag an gCéad-Aire agus an LeasChéad-Aire ar feadh tréimhse cúig bliana a d’fhéadfadh é a athnuachan uair amháin. Is féidir an Coimisinéir a chur as oifig roimh dheireadh a théarma le comhaontú an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire amháin agus le fógra i scríbhinn le haghaidh ceann de na cúiseanna atá luaite a chuirtear ar fáil sa reachtaíocht.³⁰ Cé go gcruthaíonn sé sin roinnt riosca go bhféadfadh Coimisinéir neamhéifeachtach a bheith san oifig mar thoradh ar easpa comhaontaithe polaitiúil, déantar é seo a chothromú in aghaidh an téarma sách gearr san oifig.

²⁹ A.780(5).

³⁰ Sceideal 9B, a.2(4).

Luadh an téarma oifige féin, áfach, mar chúis imní ag rannpháirtithe líonra le linn an taighde seo. Thug rannpháirtithe faoi deara go bhfuil téarmaí oifige mar chuid thábhachtach de neamhspleáchas coimisinéirí teanga, agus Cumann Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Teanga ag socrú téarma deich mbliana a bheith mar an tréimhse is fearr, agus dlínsí eile sa Ríocht Aontaithe agus ar oileán na hÉireann ag soláthar do théarmaí sé, seacht agus ocht mbliana faoi seach.³¹ I gcás Thuaisceart Éireann, chuir rannpháirtithe an imní in iúl go bhféadfadh fadhbanna a bheith ann le tréimhse níos giorra, nuair a tharlaíonn a chríochú ag an am céanna le teip pholaitiúil agus nuair nach bhfuil Stormont ina shuí agus ní féidir aon chomharba a cheapadh. Tiocfaidh saincheist eile leis seo maidir le struchtúr an Choimisinéara mar atá beartaithe faoin mBille 2022 agus bhí suim ar leith ag baint leis ó thaobh rannpháirtithe líonra de le linn cainteanna ceardlainne.

Tá cumhacht an Choimisinéara dílsithe i sealbhóir na hoifige mar chorparáid aonair, ach ríthábhachtach, i sealbhóir oifige amháin i.e. Coimisinéir amháin. Tá sé seo neamhghnách i gcásanna nuair gur cheart go mbeadh ceann d'aidhmeanna lárnacha na reachtaíochta, agus atá beartaithe de réir dealraimh, lena chinntiú nach mbreathnaítear ar Ultais ná an Ghaeilge mar chuid de phobal áirithe amháin. I gcásanna nuair a cheaptar Coimisinéir amháin - ag déanamh ionadaíochta do phobal amháin - tá bac curtha ar an aidhm seo. D'fhéadfadh poitéinsil níos mó imní a bheith ann go gceapfar Coimisinéir nach bhfuil ina shaoránach Thuaisceart Éireann agus mar sin, ní bheadh léargas aige ar na tuairimí agus na riachtanais atá ag pobail mhionteangacha sa dlínse. Ní bhreathnaítear go bhfuil ceachtar acu inmholta nó inbhuanaithe maidir le

³¹Bíonn an Coimisinéir Teanga in oifig ar feadh tréimhse 6 bliana le hathnuachan uair amháin (Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, Sceideal 2, a.20(1)). Sa Bhreatain Bheag, bíonn an Coimisinéir in oifig ar feadh tréimhse 7 mbliana sa Bhreatain Bheag (féach Acht na Breataine (An Bhreatain Bheag) 2011, Sceideal 1, a.6(1)).

tacaíocht choitianta a fhorbairt le haghaidh obair an Choimisinéara nó acmhainn na hoifige a uasmhéadú.³²

Gan amhras, is í an phríomhcheist ná cén fáth nach bhféidir ach Coimisinéir amháin a cheapadh faoin reachtaíocht - go háirithe áit atá sé tar éis éirí coitianta i gcásanna áirithe Coimisinéir aonair a cheapadh, ach le cur ar fáil sa reachtaíocht ceapachán de phainéal roinnt Coimisinéirí amach anseo.³³ Ceadaíonn an dearadh seo duine aonair a cheapadh láithreach ionas gur féidir tús a chur leis an obair, agus daoine eile á dtabhairt ar bord ar bhonn leanúnach. Go ginearálta, bíonn roinnt tairbhí ag an gcur chuige seo. An chéad rud ná go gcruthaíonn sé éagsúlacht níos mó dearchtaí i measc ceannasaíochta, gné úsáideach i gcásanna ina bhfuil iarrachtaí rialála nua, agus conspóideacha, i gceist, ach go háirithe i suíomhanna ar nós Tuaisceart Éireann ina bhfuil ionadaíocht radhairc dóibh siúd as cúlraí pobail éagsúla an-tábhachtach maidir le comhaontú agus comhoibriú a fhorbairt.

Is é an dara leas a bhaineann le struchtúir il-Choimisinéara ná sna háiteanna ina bhfuil téarmaí oifige na gCoimisinéirí scaipthe, cruthaíonn sé aistriú leanúnach le Coimisinéir amháin ar a laghad a bhfuil taithí orthu ag fanacht in oifig agus Coimisinéirí eile ag teacht isteach. Tá an-tábhacht ag baint leis seo i gcomhlachtaí nua, nuair atá tábhacht ar leith ag baint le foghlaim institiúideach a chruthú agus a scaipeadh agus nuair a chiallaíonn na soláthairtí foirne go bhfuil baill foirne nach bhfuil ina gCoimisinéirí tugtha ar iasacht dá ról ó Ranna státseirbhíse agus d'fhéadfadh mar sin a athrú ag tréimhse sách rialta.

Níos ginearálta, tá tábhacht ag baint le soláthar foirne aon struchtúir Coimisinéara sa mhéid is go gcaithfidh go leor baill foirne a bheith ann chun oifig an Choimisinéara a ligean a feidhmeanna a chomhlíonadh go

³²In aghaidh é sin, thug roinnt rannpháirtithe faoi deara go bhféadfadh deacracht a bheith ann le painéal Coimisinéirí agus duine acu ag cur bac ar obair an Choimisiúin.

³³Ón taobh seo de, féach an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 de chuid na hÉireann a fhorlann do cheapachán triúr Coimisinéirí in a.15.

héifeachtach agus ba chóir, go hidéalach, iad a roghnú ar bhealach a chinntíonn leibhéal íosta neamhspleáchais ar a laghad. I bPoblacht na hÉireann, tá oifig an Choimisinéara sách beag le foireann deichniúr ann, chomh maith leis an gCoimisinéir agus go teoiriciúil, níl aon chúis ann nach bhféidir le foireann bheag feidhmeanna an Choimisinéara a chomhlíonadh. Faoin mBille 2022, féadfaidh an Coimisinéir an líon foirne sin agus a chinneann sé, agus féadfaidh sé na téarmaí agus coinníollacha a gceapacháin a chinneadh.³⁴ Breathnaíonn sé, áfach, go bhfuil na baill foirne seo beartaithe teacht ar iasacht ón Oifig Feidhmiúcháin³⁵ nó ón Oifig um Léiriú Féiniúlachta agus Cultúrtha.

Cuirfidh an Oifig Feidhmiúcháin airgead ar fáil don Choimisinéir chomh maith le faomhadh ón Roinn Airgeadais.³⁶ An struchtúr maoinithe seo, in éineacht le hiasacht foirne agus urraim an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire le haghaidh rioscaí bearta a fhaomhadh a chruthaíonn meicníochtaí le haghaidh freasúra polaitiúil indíreach agus brú polaitiúil a chur ar oifig an Choimisinéara ar bhealach a chuireann isteach ar neamhspleáchas agus a chuireann as do fhorfheidhmiú.

Bunaithe ar tuiscint ar an riosca a bhaineann le cur isteach ón bpolaitíocht, sonraítear i gCuid 2 s.6 de Bille 2022 go bhfuil cumhacht ag an Rúnaí Stáit (SoS) Airí an chomhthionóil, Roinn nó Ranna nua a stiúradh nó staonadh ó iompar áirithe i gcúinsí ina chreideann an SoS go bhfuil an gníomh nó neamhghníomh ag cur isteach ar oibríocht éifeachtach an phearsanta agus údarás teanga nó go feidhm eile.³⁷

Cuireadh na cumhachtaí a thugtar go dtí an SoS san áireamh sa chomhthéacs seo i gcomhthéacs an iomaíocht pholaitiúil leanúnach go dtí rith an reachtaíochta ag chuir cearta teanga Gaeilge ar fáil, agus an

³⁴ Ibid, a.4.

³⁵ Ibid, a.5(1), (3).


³⁶ Ibid, s.8.

³⁷ Féach s.6(3) go ginearálta agus na riachtanais a leagtar amach in s.6(4) chomh maith leis an oibleagáid curtha i bhfeidhm ag s.7(2) chun cloígh lena leithéid de treoracha ag an SoS in sceidil 2.

fhaitíos go gcuirfeadh iomaíocht ar lean isteach ar oibríocht reachtaíochta tar éis a dtabhairt isteach. De réir cosúlachta, tá ó na cumhachtaí comhreathacha bacanaíocht pholaitiúil de shaothar an Choimisinéir a sheachaint nó a laghdú, atá ag baint le coinní, caighdeán a faomhadh, comhairle a thabhairt chomh maith le cúrsaí praiticiúla a bhfuil tionchar acu ar neamhspleáchas agus forfheidhmiú cosúil le maoiniú agus soláthar foirne, agus rialacháin reachtúla a dhéanamh.³⁸ In ainneoin de sin, beidh úsáid an chórais seo ag braith go hiomlán ar uacht pholaitiúil an SoS chun a gcumhachtaí faoin reachtaíocht a úsáid agus chun gníomhaíochtaí srianta an Choimisinéir iad féin a chuir faoi teorainn. Go deimhin, i gcásanna a raibh (agus a bhfuil) inní ann go dtiocfadh obair an Choimisinéara faoi bhrú mór polaitiúil is deacair a thuiscint cén fáth a ndearnadh riachtanais iomadúla maidir le faomhadh polaitiúil a choimeád sa reachtaíocht chomh fada seo, agus cén fáth ar roghnaíodh an Oifig Feidhmiúcháin chomh maith leis an gCéad-Aire agus an LeasChéad-Aire mar fhoinsé an údaráis rialacháin faoin reachtaíocht.

Le linn an taighde seo, mhol rannpháirtithe líonra go mbeadh sé mar aidhm ag an struchtúr is inoibrithe an riachtanas a bhaineann le faomhadh ón gCéad-Aire agus ón LeasChéad-Aire agus socrú i bhfeidhm go mbeadh na caighdeán agus an treoir faoi réir faomhadh toimhdean agus nach dtiocfaidís i bhfeidhm ach amháin sa chás gur ghníomhaigh an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire laistigh de thréimhse 30 lá chun srian a chur ar theacht i bhfeidhm an bhirt áirithe seo. Léirigh rannpháirtithe inní áirithe maidir leis an tslí a bhféadfadh cúrsaí foirne srian a chur ar an neamhspleáchas, ag tabhairt le fios go gcruthófaí deacrachtaí leis na conarthaí gearrthéarmacha maidir le saineolas institiúideach a thógáil agus a choimeád (go háirithe le linn na gcéimeanna tosaigh d'fhorbairt an Choimisinéara) agus go mb'fhéidir go mbeadh drogall ar dhaoine a bhfuil taithí acu ar bheartas agus ar abhcóideacht

³⁸Chuirge sin, go háirithe, s.78F(5) agus (6) agus s.78P(2) agus (3) mar chumhacht ag an gCéad-Aire agus an LeasChéad-Aire rialacháin a dhéanamh a chuireann údaráis bhreise agus a bhaineann údaráis ó liosta na n-údarás atá faoi réir an Bhille.



cearta teanga a bheith rannpháirteach san oifig mar gheall go mbeadh sé de dhualgas orthu glacadh leis na rioscaí a bhaineann leis an éiginnteacht chonarthatrach sin.

An t-ábhar imní deireadh a thug rannpháirtithe líonra chun cinn ná an ganntanas sásra achomharc sa téacs i mBille 2022. Ní dhéantar tagairt ar bith d'achomharc inmheánach ná reachtúil i gcoinne an méid a aimsíodh san fhiosrúchán ag an gCoimisinéir ná do shásra ar bith eile a bhaineann le hathbhreithniú breithiúnach ná gar-bhreithiúnach. Sa chás gur bearta éadroma a bhíonn sna sásraí forfheidhmithe a chuirtear ar fáil faoin mBille agus nach ndéanann siad pionóis airgeadais dhíreacha a tharraingt orthu féin, ní bheadh aon ionadh ag baint leis seo. Agus cúrsaí á bplé, áfach, tháinig sé seo chun cinn mar ábhar imní agus dhá chúis ag baint leis. An chéad chúis ná gur cuireadh in iúl gur forfheidhmiú lag a bhí i gceist agus go raibh riosca ag baint leis maidir leis an bhfáil a bhí ar an gceartas (bíodh is gur cásanna a bhí iontu nach raibh dianchearta i gceist leo) ós rud é nár cuireadh sásra ar bith ar fáil le hathbhreithniú earráide a dhéanamh i bhfoirm chaighdeánach, reachtúil. An dara cúis a bhain leis ná go raibh an baol ann go ndéanfadh an ganntanas dochar do dhlisteanacht chóras na ngearán aige, a léireodh gur beart a bhí ann nach raibh an chumhacht aige a léiriú go raibh an ceart ag cainteoirí mionteanga ní hamháin ó thaobh na teoirice de ach sa chleachtas chomh maith.

2

Débhríocht Théacsúil

2. Débhríocht Théacsúil

Ábhar imní eile a tugadh chun cinn arís agus arís eile le linn na ceardlainne le rannpháirtithe líonra ná an débhríocht a bhain le trí cheist áirithe, is iad sin,

- (i) An bhrí a bhaineann le ‘haird mar is cuí’ i gcásanna nach raibh sainmhíniú tugtha air in áiteanna eile sa reachtaíocht,
- (ii) An ganntanas spriocanna nó teorainneacha ama le haghaidh gníomhaíochtaí faoin reachtaíocht mholta, agus
- (iii) An easpa soiléireachta a bhain leis an ábhar a roghnaíodh mar chaighdeán dea-chleachtais agus an aonfhoirmeacht (nó easpa aonfhoirmeachta) san iarratas acu chuig na húdaráis phoiblí.

Déantar an bhrí a bhaineann le ‘haird mar is cuí’ a shoiléiriú sa roinn roimhe sin agus d’fhéadfadh go ndéanfar é seo a mhaolú sna leasuithe ar an mBille a chuirfidh caighdeán níos airde i bhfeidhm nó a dhéanfaidh soiléiriú níos fearr ar na caighdeáin nó ar na ceisteanna a bhféadfadh an Chéad-Aire nó an LeasChéad-Aire a chur faoi bhráid an Choimisinéara. Mar atá sonraithe ag rannpháirtithe líonra, áfach, taithí oiliúnach a bhí i dtaithí Phoblacht na hÉireann. Sa dlínse sin, socraíodh sa reachtaíocht roimhe seo go raibh sé de dhualgas ar údaráis phoiblí seirbhísí a chur ar fáil ‘ag brath ar na hacmhainní’ - caighdeán nach raibh éifeachtúil mar gheall nach raibh tairseach shoiléir ann a bhféadfaí í a chur i bhfeidhm sa riachtanas.

Baineann fadhb shuntasach leis an nganntanas áirithe teorainneacha ama le haghaidh coinní, ceaduithe, agus cinntí faoi Bille 2022 ó thaobh na héifeachtúlachta de, a ligeann do ghníomhaithe polaitiúla fanacht siar ón ngníomhaíocht agus iad ag maíomh go ndéanfaidh siad téarmaí na reachtaíochta a chomhlíonadh amach anseo. Chuir an ganntanas teorainneacha ama sa reachtaíocht ionadh ar leith ar bhaill an líonra a

raibh baint acu le próisis chomhairliúcháin na reachtaíochta a bhí tar éis eolas a dhéanamh don Bhille agus a raibh sé sonraithe acu go raibh gá le spriocanna ama dá leithéid seo le cinntiú go bhféadfaí an reachtaíocht a chur i bhfeidhm agus nach dtarlaíonn sé go mbíonn an reachtaíocht i bhfeidhm go teoiriciúil cé nach mbíonn éifeacht ar bith ag baint léi go réalaíoch.

An débhríocht is mó a bhfuil imní fúithi sa téacs, áfach, ná nach sonraítear tairseacha na foirme ná ábhar na gcaighdeán is fearr atá le foirmiú agus le cur i bhfeidhm ag an gCoimisinéir. Chomh maith leis sin, ní luaitear conas nó cén fáth ar cheart caighdeán an dea-chleachtais a chur i bhfeidhm, nó ar cheart iad a chur i bhfeidhm ar shlí éagsúil, sna húdaráis áitiúla difriúla mar atá sonraithe in s.78P(2). Rinne duine de na rannpháirtithe líonra riachtanais a mholadh cheana féin maidir le sonraíocht na gcaighdeán i bhfoirm na riachtanas a léiríodh i mBeart Teanga na Breatnaise (An Bhreatain Bheag) 2011, ina gcuirtear an méid seo a leanas in iúl,

26. Ní mór don Choimisinéir caighdeán a shonrú

(1) Is féidir leis an gCoimisinéir, de réir rialachán -

(a) caighdeán soláthair seirbhíse amháin nó níos mó a shonrú,

(b) caighdeán déanta beartais amháin nó, níos mó a shonrú,

(c) caighdeán oibríochta amháin nó níos mó a shonrú,

(d) caighdeán bolscaireachta amháin nó níos mó a shonrú,

(e) caighdeán amháin nó níos mó a shonrú maidir le taifid a choimeád, agus


(f) socrú eile a dhéanamh maidir leis na caighdeán áirithe sin.

- (2) *Agus caighdeáin á sonrú, déanfaidh an Coimisinéir 3 chatagóir d'údaráis phoiblí a shonrú bunaithe ar an leibhéal teagmhála a bhíonn acu leis an bpobal-*
- (a) *Údaráis phoiblí a mbíonn an leibhéal rannpháirtíochta is mó acu leis an bpobal;*
 - (b) *Údaráis phoiblí a mbíonn leibhéal meánach rannpháirtíochta acu leis an bpobal; agus*
 - (c) *Údaráis phoiblí a mbíonn leibhéal íseal rannpháirtíochta acu leis an bpobal;*

sula ndéantar na catagóirí seo a shonrú, is féidir leis an gCoimisinéir dul i gcomhairle le duine ar bith eile atá oiriúnach le comhairle a chur ar fáil, dar leis an gCoimisinéir.³⁹

Níor cuireadh socrú cosúil leis sin san áireamh sa téacs i mBille 2022, áfach, a cuireadh faoi bhráid Theach na dTiarnaí. Is léir uaidh seo go dtugtar aghaidh ar an riachtanas a bhaineann le hidirdhealú a dhéanamh idir údaráis phoiblí agus tairseacha comhlíonta áirithe a chur i bhfeidhm i gcatagóirí difriúla na n-údarás áitiúil, agus cuspóir agus bonn dlisteanaithe a bhunú go soiléir sa chás go n-imítear ón ábhar. Go háirithe, an aidhm a bheadh aige ná éifeachtúlacht a uasmhéadú i dtéarmaí laethúla trí riachtanais chomhlíonta a leagan ar údaráis áitiúla a bheadh in oiriúint dá léargas agus dá dtionchar ó thaobh an chaidrimh de idir saoránaigh agus an Stát. Agus an cur chuige seo i bhfeidhm, déantar cás a sheachaint ina mbíonn comhlachtaí áirithe nach bhfuil feiceálach agus nach mbíonn teagmháil á déanamh ag daoine leo go minic ag cloí le caighdeáin deachleachtais (rud nach mbíonn aon tionchar aige ar úsáideoirí Éireannacha ná ar an gcaidreamh laethúil a bhíonn acu leis an Stát) agus ag an am

³⁹ Féach, <https://www.legislation.gov.uk/mwa/2011/1/part/4/chapter/2/enacted?view=plain> arna rochtain an 18 Meitheamh 2022.



céanna, go mbíonn údaráis eile atá an-fheiceálach agus a mbíonn teagmháil rialta ag saoránaigh leo nach mbíonn ag comhlíonadh na rialacha.

Tá sé tábhachtach a lua go léirítear sa socrú nach mbaineann na caighdeáin dea-chleachtais go dlúth le réimse gníomhaíochtaí ar leith ach go gcaithfear iad a chur in oiriúint don réimse nó don ghníomhaíocht a bhíonn i gceist. Ní dhéantar an t-idirdhealú a leagan amach i mBille 2022 agus ní dhéantar é a dheimhneasc ach oiread. Go pointe áirithe, agus é curtha san áireamh nach bhfuil socrú ar leith eile ann a bhaineann le foirm nó le hábhar dea-chleachtas faoin reachtaíocht mholta, d'fhéadfaí glacadh leis go raibh na dréachtóirí ag súil le dul i bhfeidhm ar na buntáistí a bhaineann le débhríocht tairbheach a chiallódh go bhféadfaí an reachtaíocht a cheadú ar an mbonn nach mbeadh idirbheartaíocht fhada maidir le socruithe áirithe ag teastáil. Cé gur chabhraigh an cur chuige seo le comhaontuithe a shocrú i bpolaitíocht Thuaisceart Éireann san am atá caite, ní oireann sé do chásanna áirithe ina mbíonn socruithe na reachtaíochta in ainm is rialachán reachtúil a bhunú.

3

Athmhuintearas agus Féiniúlacht

3. Athmhuintearas Agus Féiniúlacht

Chomh maith leis na ranna i mBille 2022 a bhíonn ag plé leis an nGaeilge, pléitear ceisteanna a bhaineann leis an bhféiniúlacht náisiúnta agus chultúrtha i gCuid 7A den Bhille,⁴⁰ a dhéanann an Oifig um Fhéiniúlacht agus Léiriú Cultúr a bhunú,⁴¹ agus a chruthaíonn ‘prionsabail féiniúlachta náisiúnta agus chultúrtha.’⁴² Sa chás gur gá don reachtaíocht i dTuaisceart Éireann maidir le cearta teanga a chinntiú nach dtagann dearcadh seicteach salach ar chearta mionteanga, tá an chuid seo den Bhille ríthábhachtach. Déantar a dheimhniú sna prionsabail in 7A a bhfuil sé de dhualgas ar údaráis áitiúla⁴³ a mbíonn feidhmeanna á gcur i gcrích acu i dTuaisceart Éireann ‘aird mar is cuí’ a thabhairt orthu⁴⁴ go bhfuil cead ag gach duine i dTuaisceart Éireann,

- (i) an fhéiniúlacht náisiúnta agus chultúrtha acu a roghnú, a dheimhniú, a chothabháil agus a fhorbairt agus⁴⁵
- (ii) an fhéiniúlacht sin a léiriú agus a cheiliúradh i mbealach a chuireann an íogaireacht a bhaineann leo siúd a bhfuil féiniúlachtaí náisiúnta agus cultúrtha difriúla acu san áireamh agus a léiríonn meas ar an dlí,⁴⁶ agus
- (iii) gur cheart go ndéanfadh údaráis áitiúla athmhuintearhas, caoinfhulaingt agus comhrá

⁴⁰ Tagairt atá i bhféiniúlacht náisiúnta agus chultúrtha duine don chreideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil nó grúpa cine atá ag an duine, s.78F(3).

⁴¹ S.78G.

⁴² S. 78F.

⁴³ Maidir le brí an údaráis áitiúil féach Sceideal 3 chuig an Public Services Ombudsman Act (Tuaisceart Éireann) 2016. Ar bhealach aisteach, tá an Oifig um Fhéiniúlacht agus Léiriú Cultúr saor ó bhrí an údaráis áitiúil, agus dá bhrí sin, de réir cosúlachta, tá sí saor ó na prionsabail a raibh sé mar riachtanais aici iad a chur i bhfeidhm, féach s.78F(4)((b).

⁴⁴ S.78F(1)

⁴⁵ S.78F(1)(a)(i).

⁴⁶ S.78F(1)(a)(ii).

fiúntach a spreagadh agus a chur chun cinn eatarthu siúd a bhfuil féiniúlachtaí náisiúnta agus cultúrtha difriúla acu chun cothroime san ómós, meas agus tuiscint, agus comhoibriú a chothú.⁴⁷

Tá aidhmeanna na hOifige mínithe in s.78H agus is ionann iad sin agus an t-iolrachas cultúrtha, chomh maith leis an meas ar an éagsúlacht a chur chun cinn, aontacht agus athmhuintearthas sóisialta a chur chun cinn idir féiniúlachtaí náisiúnta agus cultúrtha difriúla, agus acmhainn agus athléimneacht shaoránaigh Thuaisceart Éireann a mhéadú le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann leis an bhféiniúlacht náisiúnta agus chultúrtha trí thacaíocht a chur ar fáil agus trí cheiliúradh a dhéanamh ar an oidhreacht chultúrtha agus theangeolaíoch atá acu siúd atá ina gcónaí i dTuaisceart Éireann. Agus é mar chuspóir acu na haidhmeanna seo a bhaint amach, is gá don Oifig tuiscint ar phrionsabail na féiniúlachta náisiúnta agus cultúrtha a chur chun cinn, monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na bprionsabal sin agus tuairisc a thabhairt don tionól maidir le comhlíonadh na ndualgas.⁴⁸ Anuas air sin, tá an chumhacht ag an Oifig, ach níl sé de dhualgas orthu,

- (a) dualgas treorach a fhoilsiú agus a leasú le cloí le prionsabail lena n-áirítear an dea-chleachtas as na prionsabail chéanna a chomhlíonadh agus gnéithe eile a bhaineann leis an bhféiniúlacht náisiúnta agus chultúrtha,
- (b) dul i mbun taighde, taighde a choimisiúnú nó tacú le taighde ar ábhair a bhaineann leis an bhféiniúlacht náisiúnta agus chultúrtha,
- (c) cláir, rannpháirtíocht agus oiliúint oideachais a chur ar fáil, a choimisiúnú nó tacú leo,

⁴⁷ S.78F(1)(b).

⁴⁸ Tá an riachtanas curtha i bhfeidhm ag s.78H(2).

- (d) deontais a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil na haidhmeanna céanna acu atá sonraithe in s.78H(1) agus
- (e) comhoibriú le daoine a bhfuil na haidhmeanna céanna acu atá sonraithe in s.78H(1).

Déantar stuchtúr, feidhmeanna agus cumhachtaí na hOifige a shonrú i Sceideal 9A i mBille 2022 a shocraíonn go mbeidh Stiúrthóir agus cúig bhall eile san oifig⁴⁹ le bheith ag obair ar feadh dhá théarma cúig bliana i ndiaidh a chéile ar a mhéad. Déanann an Oifig baill foirne a cheapadh le cead ón Oifig Feidhmiúcháin agus ón Roinn Airgeadais.⁵⁰ Cé go bhfuil réimse leathan cumhachtaí ag an Oifig,⁵¹ tá sí maoinithe ag an Oifig Feidhmiúcháin le cead ón Roinn Airgeadais⁵² agus bíonn sí ag brath ar an Oifig Feidhmiúcháin agus ar an Roinn le haghaidh riachtanas airgeadais agus riachtanas foirne. I mbealaí éagsúla, mar sin, tagann ábhair imní chosúla chun cinn maidir le cúrsaí neamhspleáchais maidir leis an Oifig agus leis an gCoimisinéir.

Tháinig pointe a raibh suntas áirithe ag baint leis chun cinn le linn an taighde seo, áfach, is é sin an doiléire a bhaineann leis an méid agus is féidir na prionsabail a mhínítear in s.78F a chur i bhfeidhm sa chás nach gcuireann léiriú nó ceiliúradh ar fhéiniúlacht áirithe “an íogaireacht a bhaineann leo siúd a bhfuil féiniúlachtaí náisiúnta nó cultúrtha difriúla acu” san áireamh. Tá sé molta ag an gCoiste Comhairleach um Riarachán ar Cheartas nár cheart go léireodh an teanga sa roinn seo tairseacha atá leagtha amach go débhríoch a chuirfeadh srian ar an tsaoirse léirithe bunaithe ar thuairim shuibiachtúil agus ar thairseacha claonta nó

⁴⁹ Sceideal 9A, .s.2.

⁵⁰ Ibid, s.5(5). D’fhéadfadh sé go gcuirfeadh an Oifig Feidhmiúcháin agus an Roinn “cúnamh” ar fáil i bhfoirm foirne, áiseanna nó seirbhísí le cabhrú leis an Oifig (s.6(1)), lena n-áirítear foireann a chur chun na hOifige (s.6(2)).

⁵¹ Ibid, s.8 ar an gcoinníoll gur féidir leis an Oifig ‘pé rud a mheasann an Oifig atá oiriúnach a dhéanamh le feidhmeanna na hOifige a éascú, nó atá teagmhasach nó seoltach maidir leo, seachas airgead a thógáil ar iasacht.’

⁵² Ibid, s.10.

éadulangacha b'fhéidir, ach gur cheart di srian chur i bhfeidhm bunaithe ar chaighdeáin chearta an duine.⁵³ Is é moladh an Choiste ná go gcuirfí an teanga isteach i gcaoi ina mbeadh gá leis an bhféiniúlacht náisiúnta agus cultúrtha a chur in iúl “ar bhealach a bheadh oiriúnach do chearta daoine eile.”⁵⁴

Bhí an meon sin le sonrú ag rannpháirtithe an líonra a léirigh roinnt imní freisin faoin deighilt fhollasach idir an cultúr agus an fhéiniúlacht, agus an teanga faoi Bhille 2022 – agus ardú céime á thabhairt do chultúr agus d'fhéiniúlacht na hUltaise fad is a bhí an teanga thíos leis de réir cosúlachta, agus i gcás na Gaeilge is cosúil gur tugadh ardú céime di gan béim chómhalartach a chur ar theanga agus ar chultúr. Léirigh na rannpháirtithe éiginnteacht faoi cén mhúnla cosanta is mó tairbhe ach bhí ábhar imní ann faoi chaitheamh leis an dá theanga agus lena ngrúpaí d'úsáideoirí ar bhealach difriúil ar eagla go neartódh sé sin na dearcthaí atá ann cheana féin faoi cén saghas duine is dual do chatagóir na Gaeilge nó na hUltaise.

B'ábhar imní ar leith é seo do rannpháirtithe a bhfuil taithí acu ar rannpháirtíocht phobail i dTuaisceart Éireann a thug faoi deara gur éirigh go maith le gníomhaíochtaí trasphobail cultúrtha (go háirithe tionscadal na logainmneacha in Ollscoil na Ríona, Béal Feirste) ar an mbonn gur láidre an cumas athmhuintearais trí mhothú trasphobail a chothú gur leo an Ghaeilge má tharlaíonn sé ag pointí ina bhfuil idirghníomhú idir teanga agus cultúr agus gur dual d'fhéiniúlachtaí seicteacha cliseadh.

Maidir le príomhaidhm ag aon reachtaíocht a dhéileálann le teangacha mionlacha i dTuaisceart Éireann, caithfidh sé díriú ar an tábhacht a bhaineann le timpeallacht reachtaíochta a chothú nach neartaíonn, ach a mhalairt déanann sé iarracht dearcthaí a laghdú go mbaineann teangacha

⁵³Féach, Coiste Um Riaradh Cirt, 'Briefing Note on Identity and Language (Northern Ireland) Bill (May 2022).


⁵⁴Ibid, [30].

áirithe go hiomlán le cuid d’oidhreacht pobail áirithe agus is léir ó chruthú na hOifige go bhfuil tuiscint ann gur féidir aighneas a eascairt as saincheistanna féiniúlachta agus teanga agus gur féidir leo sainmhínte freasúraíocha maidir le féiniúlacht teanga agus pobail a neartú agus a athbheoú. Maidir le Bille 2022, tá bagairt ag baint leis don athmhuintearas sa mhéid is go bhfuil foráil dhifriúil ann don Ghaeilge agus don Ultais.

Bhí sé seo go mór i gceist nuair a d’eisigh rialtas na RA, ag an am céanna a raibh an Bille á thabhairt isteach, dearbhú a thug le fios go dtabharfadh sé aitheantas do chainteoirí Ultaise mar ghrúpa eitneach mionlach⁵⁵ Mar a thugann an Coiste um Riaradh Cirt faoi deara, tarraingíonn sé seo ceist faoi na himpleachtaí dlíthiúla a bhaineann le haitheantas polaitiúil a thabhairt do chainteoirí Ultaise mar ghrúpa eitneach ar leith – lena n-áirítear an bhfuil dualgas ann chun ‘tuiscint’ ar Ultais a éascú sa chóras oideachais faoin reachtaíocht atá molta agus an amhlaidh go n-úsáidfear é seo mar spreagadh agus chun éascaíocht a dhéanamh ar mhodh múinte ina gcuirtear dearchtaí polaitiúla ina luí ar chainteoirí Ultaise gur grúpa eitneach ar leith iad a bhaineann le pobal ar leith.

Níos bunúsaí fós, agus níos mó ina ábhar imní ná s.1(3) de s.78F de Chuid 7A den bhille 2022 a shainmhíníonn ‘féiniúlacht náisiúnta agus cultúrtha’ trí thagairt a dhéanamh do ‘chreideamh duine, a t(h)uairim pholaitiúil nó a g(h)rúpa eitneach.’ Cé go n-úsáidtear na táscairí seo sa reachtaíocht chomhionannais atá ann cheana i dTuaisceart Éireann, go háirithe má chuirtear san áireamh é leis an faillí gan ‘teanga’ a aithint mar chomhartha d’fhéiniúlacht náisiúnta agus chultúrtha, fágann sé go bhfuil neamhaird déanta d’fhéiniúlacht teanga faoin gcuid seo de Bhille 2022 mura bhfuil sé le sonrú in éineacht le féiniúlacht reiligiúnach nó pholaitiúil. Is é an toradh air seo is cosúil ná go bhfuil cosaint tugtha do chainteoirí aontachtacha, nó do Chaitliceacha mar ghrúpaí ar leith ach ní do

⁵⁵ Ibid, [25].



chainteoirí Gaeilge beag beann ar cén cúlra atá acu – rud a threisíonn na deighiltí idir pobail ar leith seachas iad a laghdú.

4

Moltaí do Dhea-Chleachtas

4. Moltaí do Chaighdeán Um Dhea-Chleachtas

Bunaithe ar na hábhair imní atá luaite thuas agus ag tabhairt san áireamh ábhar reachtaíochta na dteangacha oifigiúla sa Bhreatain Bheag, in Albain agus i bPoblacht na hÉireann, tháinig na moltaí seo a leanas chun cinn ón bplé a bhí ag rannpháirtithe an líonra lena chéile le linn an taighde seo.

(a) Deighilt Struchtúrach na gCaighdeán

Maidir le caighdeán an dea-chleachtas glactha faoin reachtaíocht, ar aon dul leis an múnla Breatnaise, ba cheart dóibh a lua go sonrach agus idirdhealú a dhéanamh maidir le

- (a) caighdeán um sheirbhísí a sheachadadh,
- (b) caighdeán ó thaobh beartais a dhéanamh,
- (c) caighdeán oibríochtúla,
- (d) caighdeán bholscaireachta, agus
- (e) caighdeán ó thaobh taifid a choimeád

Ar an mórgóir, ba cheart do dhea-chleachtas machnamh a dhéanamh ar na saincheistanna seo a leanas chomh maith le hiad a thabhairt san áireamh.

(b) Tairiscint Ghníomhach & Soláthar Faisnéise

1. Ba cheart cur chuige a ghlacadh atá bunaithe ar mhúnla na ‘tairisceana gníomhaí’ a chuireann an ceanglas chun seirbhísí a thairiscint i nGaeilge ar an údarás poiblí atá i gceist, i.e.
2. Aon chumarsáid nó poiblíocht a dhéanann údarás áitiúil, ba cheart di a bheith sa dá theanga.
3. Má théann duine i dteagmháil le húdarás poiblí ar an bhfón nó trí bheith i láthair go pearsanta ba cheart an té sin a chur ar an eolas

ag an toirt faoi na teangacha go bhfuil fáilte roimhe/roimpi a úsáid agus é/í i mbun plé leis an údarás,

4. Mura bhfuil an Ghaeilge i measc na dteangacha seo, ní mór cúiseanna a thabhairt dóibh faoi cén fáth go bhfuil sí in easnamh, agus ní mór an bonn cirt céanna a leagan amach i scríbhinn agus a bheith ar fáil go poiblí.
5. Ba cheart go mbeadh duine in ann cáipéisí oifigiúla a chomhlánú agus a chur isteach i mBéarla agus i nGaeilge araon agus ba cheart glacadh leo amhail is go bhfuil siad bailí má chomhlánaítear iad i gceachtar den dá theanga beag beann ar theanga na foirme,
6. Ba cheart an leagan Gaeilge agus Béarla de logainmneacha a bheith le sonrú ar chomharthaíocht in áiteanna poiblí, comhroinnte agus i láithreacha turasóireachta,
7. Maidir le cáipéisíocht, comharthaíocht nó teachtaireachtaí nó foilseacháin eile ina bhfuil an dá theanga iontu ba cheart do na codanna Gaeilge agus Béarla a bheith ar aon dul lena chéile ó thaobh clómhéide, datha agus feiceálachta de.

(c) Bearta Ionchasacha

8. Sna pleananna arna n-ullmhú ag údaráis phoiblí, níor cheart go ndéanadh na húdaráis an aidhm chainníochtúil nó cháilíochtúil chéanna a lua arís i bpleananna i ndiaidh a chéile nó aidhm a lua mar sprioc le baint amach sa todhchaí más beart nó cuspóir é atá bainte amach cheana féin, i.e.
9. Maidir leis na haidhmeanna céanna nó comhchosúla a chur i bpleananna i ndiaidh a chéile, ba cheart go mbeadh sé de dhualgas ar an údarás poiblí a admháil gur tharla sé sin toisc nár baineadh an aidhm seo a bhaint amach le linn shaolré an phlean roimhe sin agus cuntas a thabhairt dá bharr faoi cad iad na cuir chuige difriúla a thugtar faoi an uair seo le cinntiú nach dteipfidh air an uair seo.

10. Maidir le haidhmeanna agus cuspóirí bainte amach i bpleananna roimhe seo, ba cheart iallach a chur ar údaráis phoiblí freisin tuairisc a thabhairt faoi conas a dhéantar cothabháil orthu, i.e.

(d) Dualgais Choibhéiseacha

11. Má tá caighdeáin éagsúla le cur i bhfeidhm ar údaráis phoiblí éagsúla ba cheart é sin a dhéanamh ar bhonn ionchasach, córasach agus caighdeánaithe seachas mar chuid de chur chuige freagrúil, *ad hoc*, i.e.
12. Maidir leis na húdaráis phoiblí sin is infheicthe ag an bpobal agus a bhfuil an leibhéal idirghníomhaíochta is airde acu le daoine den phobal, níor cheart iad a shaoradh ó chaighdeáin dea-chleachtais níos airde, agus go deimhin ba cheart iallach a chur orthu cloí leo.

(e) Caitheamh go Cothrom

13. Níor cheart seirbhís a dhiúltú dóibh siúd a úsáideann nó go mba mhaith leo Gaeilge a úsáid ina gcuid idirghníomhaíochtaí le húdarás poiblí,
14. I gcás go bhfuil na seirbhísí a chuireann údaráis phoiblí ar fáil sa dá theanga, ba cheart go mbeadh an tseirbhís a sholáthraítear trí Ghaeilge ar chomhchaighdeán leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil trí Bhéarla, i.e.


(f) Acmhainn an Phobail a Fhorbairt atá Gníomhach

15. Ba cheart cur chuige teann do dhíochill a úsáid ó thaobh daoine a earcú do gach post laistigh d'oifig an Choimisinéara, agus chun daoine a earcú do chuid de na poist san Oifig Féiniúlachta agus Léirithe Cultúir sa treo is go bhfuil na hinniúlachtaí teanga cuí acu chun idirghníomhú le baill den phobal ina mionteanga féin.

16. Ba cheart do chonarthaí a thairgtear do dhaoine aonair in oifig an Choimisinéara agus san Oifig Féiniúlachta agus Léirithe Cultúir araon seasmhacht agus coinníollacha cothroma a thairiscint a ligeann dóibh siúd a ghlacann leis na poist sin iad a dhéanamh gan inní faoi neamhchinnteacht. Ba cheart go mbeadh téarmaí fostaíochta cúig bliana ar a laghad i gceist, rud a thagann le téarmaí an Choimisinéara nó le téarmaí na hOifige Féiniúlachta agus Léirithe Cultúir,
17. Ba cheart go mbeadh ardleibhéal inniúlachta sa Ghaeilge ag an gCoimisinéir féin,
18. Ba chóir an deis chun páirt a ghlacadh i gcúrsaí oideachais as Gaeilge (lena n-áirítear cúrsaí atá ar fáil trí mheán na Gaeilge ach ina mbíonn páistí páirteach i spóirt, ealaíona nó i ngníomhaíochtaí eile) a chur ar fáil saor in aisce do pháistí i scoileanna atá maoinithe ag an Stát i suíomhanna scoile agus/nó trí acmhainní ar líne,
19. Ba cheart cúrsaí teanga roghnacha agus measúnú i nGaeilge a chur ar fáil saor in aisce d'fhostaithe na n-údarás poiblí agus dá ngarghaolta,
20. Ba chóir cúrsaí roghnacha ar phointí comhspéise (m.sh., logainmneacha, spórt, an dúlra agus an timpeallacht, béaloideas agus stair áitiúil) a leagann béim ar oidhreacht chomhroinnte teanga na bpobal sa dlínse, nó a dhéantar go páirteach nó go hiomlán trí Ghaeilge, a thairiscint saor in aisce trí údaráis áitiúla do chónaitheoirí limistéir an údaráis agus d'fhostaithe na n-údarás agus dá ngarghaolta,
21. Ba cheart don Choimisinéir agus don Oifig Féiniúlachta agus Léirithe Cultúir páirt a ghlacadh i gcomhairliúcháin phoiblí a mbeidh tionchar acu ar cásanna a bhaineann leis an nGaeilge, agus a dhéanfaidh idirghabháil mar pháirtí leasmhar i gcásanna a bhaineann leis an nGaeilge,

(g) Oideachas

22. Ba cheart don Choimisinéir agus don Oifig Féiniúlachta agus Léirithe Cultúir modhanna soiléire a sholáthar inar féidir le taighdeoirí acadúla, eagraíochtaí sochaí sibhialta agus comhlachtaí neamhrialtasacha cumarsáid a dhéanamh leo agus a n-ionchur nó a gcomhoibriú a lorg maidir le taighde, gníomhaíochas nó obair eile a bhfuil gné choiteann aici le hobair an Choimisiúin nó le hobair na hOifige,
23. Ba chóir maoiniú agus tacaíocht leanúnach a chur ar fáil chun leanúint le tionscadal logainmneacha Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus chun staidéar a dhéanamh ar réimsí a bhfuil gnéithe comhchultúir agus teanga fite fuaite iontu, na naisc idir Albainis Uladh agus an Ghaeilge, agus naisc idir pobail teanga ó thraidisiúin éagsúla in Albain.
24. Thug an comhpháirtí pobail faoi deara go raibh ag éirí go maith le dreasachtaí airgeadais agus acadúla chun foghlaim teanga a chur chun cinn i measc pobail inar cailleadh inniúlacht teanga agus mhol sé go gcuirfí sparánachtaí agus tacaíochtaí ar leith ar fáil do dhaoine aonair ó phobail nár samhlaíodh ná nár nascadh leis an nGaeilge.
25. Ba cheart aon dreasacht airgeadais, aon fhóirdheontas díreach nó indéach chun tacú le foghlaim teanga a bheith faoi réir measúnú tionchair lena chinntiú go mbeidh sé éifeachtach chun rannpháirtíocht a chur chun cinn ar bhonn trasphobail seachas díreach freastal ar ghrúpaí a bhí ann cheana féin,
26. Mar chuid den mheasúnú seo ba chóir machnamh cúramach a dhéanamh ar cibé an bhfuil an tástáil maoiní oiriúnach nó éifeachtach agus ar an bpoitéinseal atá ann chun foghlaimí féideartha a fhágáil ar lár.
27. Ba cheart tacaíochtaí tréadacha nó tacaíochtaí breise acadúla a chur ar fáil dóibh siúd atá ag déanamh staidéir trí scéimeanna



sparántachta nó scoláireachta, go háirithe nuair is daoine iad na daoine roghnaithe atá ag freastal ar an Ollscoil go ginearálta den chéad uair,

28. Ba chóir go gcuimseodh ranganna oideachais agus ranganna ar réimsí comhspéise na bríonna éagsúla a bhaineann le hinniúlacht teanga ‘tosaitheoirí’ mar atá i gceist leo siúd nár chuala mórán Gaeilge riamh agus leo siúd a bhfuil taithí éigin acu ach ar an nGaeilge ach gur beag baint laethúil a bhíonn acu leis an teanga.

5

Conclúid

Conclúd

Is éard atá i mBille 2022 ná píosa reachtaíochta mionteanga de chuid 'na chéad ghlúine' sa mhéid is nach bhféachann sé le caighdeáin dhochta, atá bunaithe ar chearta ná ar phionóis dhíspreagthacha ghéara a chur i bhfeidhm. I dtaca leis seo, ní chomhlíonann an reachtaíocht na caighdeáin reachtaíochta a gealladh faoi Chomhaontú Chill Rímhinn agus a d'éiligh gníomhaithe laistigh den dlínse chomh maith leis na forálacha dlí a mhol COMEX nár mór a chur chun feidhme chun go gcloífeadh an Ríocht Aontaithe lena hoibleagáidí faoin gCairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh. Bhí an éagsúlacht seo ina comhartha sóirt, dar leis na rúnpháirtithe, áfach, den chomhréiteach riachtanach chun a chinntiú nach bhféachtar ar an nGaeilge mar chonstaic a bhrúitear ar an bpobal go seachtrach agus nach gcothaíonn sí cur i gcoinne mionteangacha.


Tá easpa soiléire sa Bhille mar a tugadh isteach é os comhair Theach na dTiarnaí ina chuspóirí agus sna bearta agus sna meicníochtaí trína mbeartaíonn sé iad a bhaint amach, agus tá sé mar chomhartha sóirt aige go dtéann sé i muinín faomhadh polaitiúil agus beartas ginearálta nach bhfuil sainiúlacht na reachtaíochta inchomparáide i ndlínsí eile sa Ríocht Aontaithe agus ar oileán na hÉireann i gceist leis. Is í príomhfheidhm an Bhille, agus a rath doshéanta, aitheantas dlíthiúil agus institiúideach a sholáthar don Ghaeilge mar theanga laistigh de Thuaisceart Éireann. D'fhéadfadh sé go bhfuil an chuma air, ar roinnt bealaí, gur gaisce measartha, nó fiú neamhleor, é seo. Mar sin féin, tá sé suntasach ar thrí chúis.

Ar an gcéad dul síos, cuireann sé *status quo* nua ar fáil, agus dá réir sin, d'fhéadfadh sé a bheith ní hamháin neamhshuntasach go mbeadh an Ghaeilge inár dtimpeall i suíomhanna institiúideacha ach bheifí ag súil le go mbeadh an Ghaeilge inár dtimpeall i suíomhanna institiúideach agus

d'fhéadfadh sé go n-éireodh rannpháirteachas leis an teanga, mar thoradh air sin, neamhpholaitiúil de réir a chéile. Ar an dara dul síos, agus ar ábhar gaolmhar, dearbhaíonn an Bille go bhfuil daonra ilteangach ann laistigh den dlínse agus aithníonn sé a dteidlíocht (cé nach bhfuil sé i dteanga na gceart) chun a bhféiniúlacht teanga a dhearbú, ní hamháin i spásanna príobháideacha ach i spásanna poiblí. Is forbairtí suntasacha iad seo araon ar bhonn aonair do chainteoirí Gaeilge ach freisin ar leibhéal na sochaí chun an t-athmhuintearas a chur chun cinn ar mhodh a chothaíonn forbairt sochaí ilteangaí. Ar an tríú dul síos, agus ar deireadh, sholáthródh an reachtaíocht atá beartaithe samhail institiúideach ar féidir a fhorbairt tuilleadh trí leasú a dhéanamh chun ceanglais na Cairte Eorpaí um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh a chomhlíonadh ar bhealach níos iomláine. I dtaca leis sin, féadfaidh an reachtaíocht atá beartaithe a bheith mar thagarmharc íosta ar deacair í a dhíbirt..

Maidir leis seo, ar deireadh, thug rannpháirtithe faoi deara, cé gur bhreathnaigh roinnt rannpháirtithe ar an mBille mar an chéad chéim chun bogadh i dtreo samhail na Breatnaise maidir le reachtaíocht um chearta teanga, tháinig sé chun solais sa phlé freisin, i bhfianaise an ghá atá le comhthuiscint agus tacaíocht an phobail a chothú i dtaca le mionteangacha, gur dhócha go leanfadh dul chun cinn cearta teanga bealach polalárnach seachas bealach díreach. I dtaca leis seo leag na rannpháirtithe béim ar na treoiphriomsabail seo a leanas maidir le tacú le húsáid na Gaeilge ar bhonn trasphobail.

- (i) Ba cheart go mbeadh inrochtaineacht seachas éigeantas lárnach maidir le deiseanna foghlama teanga,
- (ii) Ba cheart dreasachtaí seachas cur i bhfeidhm docht a úsáid chun comhthuiscint a chothú seachas cur i gcoinne a chur chun cinn,
- (iii) Ba cheart breathnú ar an gcultúr agus ar an teanga mar rudaí atá fite fuaite ina chéile seachas mar rudaí inroinnte agus ba cheart



iad a úsáid chun rannpháirteachas an phobail leis an nGaeilge a chur chun cinn, agus

- (iv) Ba cheart éagsúlachtaí idir na tacaíochtaí atá de dhíth ar phobail éagsúla a admháil agus soláthar a dhéanamh dóibh.



IRISH RESEARCH COUNCIL
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn